Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021
(OR. en)**

**9343/21**

**FISC 92
ECOFIN 555**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle<br>= Formheas |

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair (COCG) don Chomhairle go rialta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Leagtar amach in 9341/21 + ADD 1-8 an tuarascáil 6 mhí is déanaí ó COCG chuig an gComhairle.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (WPTQ) dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn a bhain COCG amach le linn Uachtaránacht na Portaingéile. Tacaíonn na toscaireachtaí go léir le téacs na gconclúidí faoi mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle (ECOFIN) na conclúidí seo a ghlacadh mar mhír 'A' an 18 Meitheamh 2021.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Portaingéile**

Maidir leis na gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSMHAMH di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Portaingéile mar a leagtar amach ina tuarascáil é (9341/21 + ADD 1-8), go háirithe maidir leis an athbhreithniú a rinneadh i mí Feabhra 2021 ar liosta AE de dhlínsí neamh-chomhoibríocha agus maidir leis an bplé atá ar siúl faoi láthair ar athchóiriú raon feidhme an tsainordaithe, ar cheart go gcumhdófaí leis freisin gnéithe de chórais chánach a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith acu; i bhfianaise an dul chun cinn maith a rinneadh go dtí seo, IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair;

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí faoi réir le leanúint de phlé a dhéanamh ar an athbhreithniú ar raon feidhme an tsainordaithe a luaithe a bheidh forbairtí ábhartha ann ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tráth nach déanaí ná tús 2022;

3. FORMHUINÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal, maidir le measúnú ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus na fógraí maidir le rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach atá á dhéanamh ag an Meitheal ar chur chun feidhme na nótaí treorach a d’eisigh sí roimhe seo agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoirlínte 2017 maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta;

5. IARANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go gcomhlíonfaidh na dlínsí a ngealltanais faoi seach agus go gcomhlíonfaidh siad critéir liostaithe AE i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh; IARRANN SÍ ar an Meitheal gealltanais a iarraidh ar na dlínsí i gcás inarb iomchuí, agus de réir amlíne arna comhaontú ag an Meitheal;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an Meitheal leanúint dá chuid oibre maidir leis an athbhreithniú ar raon feidhme geografach chleachtadh liostaithe an Aontais, agus ag an am céanna leanúint leis an obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá chuid oibre maidir le bearta cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go tráthrialta maidir le haon dul chun cinn breise a dhéantar sna hábhair sin;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé a rinneadh ar an obair a rinneadh maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach a chur i gcomparáid le liostaí náisiúnta na mBallstát; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre agus tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir liosta AE agus na liostaí náisiúnta;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Slóivéine.